AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.6.2024
COM(2024) 244 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le tarmligean na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna tabhairt don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014

1. Réamhrá

Glacadh Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] an 8 Meitheamh 2016. Leasaíodh Rialachán (AE) 2016/1011 ina dhiaidh sin le Rialachán (AE) 2019/2089 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], Rialachán (AE) Uimh. 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], Rialachán (AE) 2021/168 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus Rialachán (AE) 2023/2869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

Tugadh isteach le Rialachán (AE) 2016/1011 creat coiteann chun cruinneas agus sláine na n-innéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais a áirithiú, nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta san Aontas a thomhas.

De réir Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) 2016/1011, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

A mhéid a bhaineann le hAirteagail 3(2), 13(2a), 19a(2), 19c(1), 20(6), 24(2), 27(2b), 33(7), 51(6) agus 54(3) de Rialachán (AE) 2016/1011, foráiltear in Airteagal 49(2) de Rialachán (AE) 2016/1011 go dtugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana, ar tréimhse í a bhféadfar síneadh a chur léi go hintuigthe go ceann tréimhse bhreise chomhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an tsínidh sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. Ar dtús, mhair an tréimhse 5 bliana ón 30 Meitheamh 2016 go dtí an 30 Meitheamh 2021. Le Rialachán (AE) 2019/2089 leasaíodh Airteagal 49(2) ionas go ndeonaítear an cumhachtú ón 10 Nollaig 2019 go dtí an 10 Nollaig 2024, agus cuireadh isteach an ceanglas maidir le tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na cumhachta. Is é is aidhm don tuarascáil seo an ceanglas sin a chomhlíonadh.

---

[1] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1011/oj–65).

[2] Rialachán (AE) 2019/2089 ó Pharlaimint Na hEorpa Agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 a mhéid a bhaineann le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE, Tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Páras agus nochtuithe inbhuanaitheachta le haghaidh tagarmharcanna (IO L 317, 9.12.2019, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2089/oj).

[3] Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas, agus Rialachán (AE) 2015/847 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí (IO L 334, 27.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2175/oj).

[4] Rialachán (AE) 2021/168 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 a mhéid a bhaineann le spot-tagarmharcanna malairte eachtraí áirithe de chuid tríú tíortha a dhíolmhú agus athsholáthairtí le haghaidh tagarmharcanna ar scor áirithe a ainmniú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 49, 12.2.2021, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/168/oj).

[5] Rialachán (AE) 2023/2869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialacháin áirithe a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh (IO L, 2023/2869, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2869/oj).

2. Bunús dlí

Le hAirteagal 49(2) de Rialachán (AE) 2016/1011, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú maidir leis na cumhachtuithe dá dtagraítear san fhoráil sin roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana dá ndeonaítear iad.

3. An tarmligean a fheidhmiú

3.1. Comhairliúchán sula nglacfar iad

I gcomhréir le hAirteagal 49(4) de Rialachán (AE) 2016/1011, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Sainghrúpa an Choiste Eorpaigh um Urrúis (EG ESC) agus na gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú. Tugadh cuireadh do na Ballstáit uile saineolaithe a ainmniú chun páirt a ghlacadh sna comhairliúcháin sin agus tugadh cuireadh do Pharlaimint na hEorpa páirt a ghlacadh iontu freisin.

Maidir leis na barúlacha a cuireadh i láthair sna comhairliúcháin sin, chuir an Coimisiún san áireamh iad agus na leaganacha deiridh de na gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú aige. Chuir an Coimisiún comhaltaí EG ESC ar an eolas go rialta faoin dul chun cinn a bhí á dhéanamh maidir leis na dréachtghníomhartha tarmligthe.

A luaithe a ghlac an Coimisiún gníomhartha tarmligthe, cuireadh an Pharlaimint agus an Chomhairle ar an eolas fúthu go comhuaineach, rud a chuir tús leis an tréimhse agóide dá dtagraítear i bpointe 3.2 thíos.

3.2. Gníomhartha tarmligthe a glacadh

Le linn na tréimhse tuairiscithe ón 10 Nollaig 2019 go dtí an 10 Nollaig 2024, d'fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtaí tarmligthe trí na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa Tábla thíos a ghlacadh. Sular cruthaíodh an ceanglas tuairiscithe sin, bhí an Coimisiún tar éis gníomhartha tarmligthe a ghlacadh cheana faoi Airteagail 3(2), 20(6)(a), 20(6)(c) agus 51(6) de Rialachán (AE) 2016/1011[6].

Gníomh Tarmligthe	**Cumhachtuithe**
Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún[7]	Airt. 13(2 a)
Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún[8]	Airteagal 19a(2) Airteagal 19c(1)

[6] Roimh an tréimhse thagartha reatha, ghlac an Coimisiún 4 ghníomh tharmligthe maidir leis na cumhachtuithe faoi Airteagail 3(2), 20(6)(a), 20(6)(c) agus 51(6) de Rialachán (AE) 2016/1011.

[7] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an míniú sa ráiteas tagarmhairc ar an gcaoi a léirítear fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais i ngach tagarmharc a sholáthraítear agus a fhoilsítear (IO L 406, 3.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/1816/oj).

[8] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le híoschaighdeáin i ndáil le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras (IO L 406, 3.12.2020, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/1818/oj).

Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1817 ón gCoimisiún[9]	Airt. 27(2b)

3.3. Agóid i gcoinne gníomhartha tarmligthe

De réir Airteagal 49(6) agus (6a) de Rialachán (AE) 2016/1011, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe laistigh de thréimhse 3 mhí ó dháta an fhógra, tréimhse ar féidir síneadh 3 mhí eile a chur léi ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. Má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid in aghaidh gníomh tarmligthe laistigh den tréimhse sin, ní thagann an gníomh i bhfeidhm. Ní dhearna Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid i gcoinne aon cheann de na gníomhartha tarmligthe thuasluaite i Roinn 3.2.

3.4. An gá le síneadh a chur leis an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh

Cé gur ghlac an Coimisiún roinnt gníomhartha tarmligthe sa tréimhse sin, níor úsáideadh na cumhachtuithe a liostaítear sa tábla thíos go dtí seo.

Gníomhartha Tarmligthe	**Cumhachtuithe**
Rialachán tarmligthe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an modh ríofa a úsáidtear chun na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 20(1) a chinneadh i bhfianaise forbairtí sa mhargadh agus i bpraghsanna agus i bhfianaise forbairtí rialála chomh maith le hoiriúnacht aicmiú na dtagarmharcanna ag a bhfuil luach iomlán ionstraimí airgeadais, conarthaí airgeadais, nó cistí infheistíochta a dhéanann tagairt dóibh atá gar do na tairseacha	Airteagal 20(6), pointe (b)
Rialachán tarmligthe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an modh ríofa a úsáidtear chun an tairseach dá dtagraítear in Airteagal 24(1), pointe (a) a chinneadh i bhfianaise forbairtí sa mhargadh agus i bpraghsanna agus i bhfianaise forbairtí rialála chomh maith le hoiriúnacht aicmiú na dtagarmharcanna ag a bhfuil luach iomlán ionstraimí airgeadais, conarthaí airgeadais, nó cistí infheistíochta a dhéanann tagairt dóibh atá gar don tairseach sin	Airteagal 24(2)
Rialachán tarmligthe i dtaca le bearta chun coinníollacha a chinneadh faoina bhféadfaidh na húdaráis inniúla ábhartha a mheas an bhfuil cúis oibiachtúil ann chun tagarmharc nó fine tagarmharcanna i dtríú tíortha a sholáthar agus dá bhformhuiniú lena n-úsáid san Aontas.	Airteagal 33(7)
Rialachán tarmligthe chun síneadh 24 mhí a chur leis an tréimhse 42 mhí dá dtagraítear in Airteagal 51(2), más	Airteagal 54(3)

[9] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1817 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an íosmhéid inneachair a bheidh sa mhíniú ar an gcaoi a léirítear tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais sa mhodheolaíocht tagarmhairc (IO L 406, 3.12.2020, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/1817/oj).

rud é go mbeidh fianaise sa tuarascáil dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 d'Airteagal 54 nach bhfuil an córas clárúcháin idirthréimhseach faoi Airteagal 51(2) díobhálach do chultúr coiteann maoirseachta Eorpach agus do chleachtais mhaoirseachta agus do chineálacha cur chuige comhleanúnacha i measc na n-údarás inniúil.	

Tá éagsúlacht ann maidir leis na cúiseanna nár glacadh na gníomhartha tarmligthe sin go fóill.

- Maidir leis na gníomhartha tarmligthe atá le glacadh faoi na cumhachtuithe a leagtar síos in Airteagal 18a(3), Airteagal 30(2a), Airteagal 30(3a) agus Airteagal 33(7) de Rialachán (AE) 2016/1011, baineann siad leis na rialacha maidir le tagarmharcanna neamh-AE a úsáid san Aontas. Maidir le dáta chur i bhfeidhm an chórais sin, cuireadh siar é roinnt uaireanta, go dtí an 31 Nollaig 2025 an uair is déanaí, toisc gur tháinig sé chun suntais go ndéanfaí dochar d'eintitis faoi mhaoirseacht san Aontas a úsáideann na tagarmharcanna sin dá gcuirfí srian lena rochtain ar thagarmharcanna neamh-AE[10]. Maidir leis na rialacha i ndáil le tagarmharcanna tríú tír a úsáid san Aontas, ós rud é go bhfuil siad fós le cur i bhfeidhm ar bhonn éigeantach, measadh go raibh sé róluath na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi na cumhachtuithe sin.

- A mhéid a bhaineann leis na gníomhartha tarmligthe atá le glacadh faoi na cumhachtuithe a leagtar síos in Airteagal 20(6), pointe (b), agus Airteagal 24(2), níor cuireadh an Coimisiún ar an eolas ina theagmhálacha rialta leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta faoi aon deacracht phraiticiúil maidir leis na tairseacha cainníochtúla EUR 500 billiún agus EUR 50 billiún a chur i bhfeidhm, ar tairseacha iad lena leagtar amach an difear idir tagarmharcanna criticiúla, suntasacha agus neamhshuntasacha. Dá bhrí sin, agus maidir leis an modh ríofa a úsáidtear chun na tairseacha cainníochtúla éagsúla a chinneadh, mheas an Coimisiún nár ghá é a athbhreithniú i Rialachán (AE) 2016/1011 agus níor ghlac sé gníomhartha tarmligthe chuige sin. Déanfaidh an Coimisiún amhlaidh má thagann athrú ar na himthosca.

- Maidir leis an ngníomh tarmligthe atá le glacadh faoin gcumhachtú a leagtar síos in Airteagal 54(3), baineann sé le síneadh 24 mhí a chur leis an tréimhse 42 mhí dá dtagraítear in Airteagal 51(2) chun Rialachán (AE) 2016/1011 a chur i bhfeidhm maidir le riarthóirí tagarmharcanna atá bunaithe san Aontas roimh 2020. Ós rud é nár ghníomhaigh sé de réir an chumhachtaithe sin, tá an idirthréimhse chun síneadh a cheadú imithe i léig anois agus tá an cumhachtú imithe i léig dá bharr.

Ar deireadh, ag tabhairt dá haire go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2016/1011[11] a leasú, agus ag tabhairt dá haire gur mhol Parlaimint na hEorpa

[10] Le Rialachán (AE) 2019/2089 cuireadh an teacht i bhfeidhm siar go dtí an 31 Nollaig 2022; Le Rialachán (AE) 2021/168 cuireadh an teacht i bhfeidhm siar go dtí an 31 Nollaig 2024 agus cuireadh in iúl go bhféadfaí é a chur siar arís le gníomh tarmligthe ón gCoimisiún. An 14 Iúil 2023, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2222 lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse a leagtar síos le haghaidh tagarmharcanna tríú tír in Airteagal 51(5) de Rialachán (AE) 2016/1011.

[11] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 a mhéid a bhaineann le raon feidhme na rialacha maidir le tagarmharcanna, úsáid tagarmharcanna san Aontas a sholáthraíonn riarthóir atá suite i dtríú tír, agus ceanglais tuairiscithe áirithe, COM(2023) 660 final.

Airteagal 33 a leasú[12] ina dhiaidh sin, níl cinneadh déanta go fóill an ndéanfar na cumhachtuithe atá sna hairteagail sin a leasú sa rialachán athbhreithnithe[13].

4. Conclúid

I bhfianaise an mhínithe a thugtar i Roinn 3, measann an Coimisiún go bhfuil gá soiléir le síneadh intuigthe a chur le tarmligean na cumhachta dá bhforáiltear in Airteagal 49(2) de Rialachán (AE) 2016/1011 go ceann tréimhse bhreise 5 bliana.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

[12] Tuarascáil ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 a mhéid a bhaineann le raon feidhme na rialacha maidir le tagarmharcanna, úsáid tagarmharcanna san Aontas a sholáthraíonn riarthóir atá suite i dtríú tír, agus ceanglais tuairiscithe áirithe, A9-0076/2024.

[13] Meastar go gcuirfear tús leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach sa téarma parlaiminteach nua tar éis na dtoghchán an 6-9 Meitheamh 2024.